# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

***Ardteistiméireacht Fheidhmeach 2003***

# An Ghaeilge agus An Chumarsáid

(160 marc)

Dé hAoine, 6 Meitheamh, Maidin 9.30 – 11.30

*Don Fheitheoir*

Stampa an Ionaid

## *Treoir Ghinearálta*

1. SCRÍOBH DO SCRÚDUIMHIR SA SPÁS SEO:
2. SCRÍOBH NA FREAGRAÍ SA FHREAGARLEABHAR SEO

TÁ DHÁ PHÁIRT SA SCRÚDÚ: SCRÚDÚ CLOSAMHAIRC & SCRÚDÚ SCRÍOFA

| | |
|---|---|
| ***Páirt a hAon:*** | ***Scrúdú Closamhairc***<br>*Gach ceist le freagairt.* |
| ***Páirt a Dó:*** | ***Ullmhú don Obair***<br>*Ceist amháin le freagairt.*<br>***An Chumarsáid & An Fhiontraíocht***<br>*Ceist amháin le freagairt.*<br>***Ceapadóireacht & Léirmheastóireacht***<br>*Ceist amháin le freagairt.* |

***IS FÉIDIR AN LEATHANACH SEO A ÚSÁID LE NÓTAÍ A SCRÍOBH AIR***

***Tá gach ceist le freagairt sa Pháirt seo.***

## *Páirt a hAon* – SCRÚDÚ CLOSAMHAIRC (30 nóiméad – 40 marc)

### *MODÚL GAELTACHTA*

- Beidh 4 nóiméad agat leis na **8** gceist a léamh.
- Feicfidh tú píosa as an gclár teilifíse **Bia is Bóthar**.
- Feicfidh tú an píosa trí huaire.
- An chéad uair, taispeánfar an píosa as a chéile.
- Ansin feicfidh tú an píosa ina dhá chuid. Tar éis gach píosa beidh am agat na freagraí a scríobh isteach sa fhreagarleabhar.
- Taispeánfar an píosa as a chéile den uair dheireanach.

**Éist le Meta Uí Mháille ag caint.**

**Tá cead agat nótaí a scríobh anseo thíos.**

## CUID 1

**Nuair a bheidh sé seo feicthe agat beidh am agat ceisteanna 1 - 5 a fhreagairt.**
**Tá Meta Uí Mháille ag caint faoi Phobal Chonamara thart ar 30 bliain ó shin.**

1. Labhrann Meta faoi thraidisiún a bhíodh ag lucht húicéirí thart ar 30 bliain ó shin.
Cén traidisiún atá i gceist aici? (2 phointe) (6 mharc)

**(a)** ______________________________

______________________________

______________________________

**(b)** ______________________________

______________________________

______________________________

2. Céard a dhéanadh pobal Chonamara leis an ábhar sin? (6 mharc)

**(a)** ______________________________

______________________________

______________________________

**(b)** ______________________________

______________________________

______________________________

**(c)** ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

3. Cén dá bhia a raibh an-mheas ag muintir Chonamara orthu? (6 mharc)

**(a)** ______________________________

______________________________

______________________________

**(b)** ______________________________

______________________________

______________________________

4. Tháinig deireadh leis an saol sin. Tá 2 phointe ag Meta. Céard iad sin? (8 marc)

**(a)** ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

**(b)** ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

5. Cé hiad na daoine a mbíodh dúil acu san iasc saillte? (4 mharc)

______________________________

______________________________

## CUID 2

**Nuair a bheidh an chuid seo feicthe agat beidh am agat ceisteanna 6 - 8 a fhreagairt.**

6. Inis faoin gcaoi a mbíodh orthu an t-iasc a ullmhú i gcomhair an dinnéir. (2 phointe) (4 mharc)

**(a)** ____________________________________________

**(b)** ____________________________________________

7. Céard é an "scútar" a bhíodh ag na seandaoine? (3 mharc)

8. Cén uair a bhíodh na féilte ann an uair sin? (3 mharc)

*Páirt a Dó* – **SCRÚDÚ SCRÍOFA**

## *ULLMHÚ DON OBAIR*

***Ceist amháin le freagairt.***
***(Freagair Ceist 1 nó Ceist 2.)***

Ceist 1 ***(40 marc)***

Seo a leanas liosta d'ionaid a mbíonn obair le fáil iontu:

**gnó** **ionaid do sheandaoine**
**monarcha** **ionaid do ghasúir**
**comhlacht** **seirbhísí don cheantar**

**(a)** Déan cur síos ar aon cheann amháin díobh sin atá i do cheantar **nó** ar aon cheann amháin a raibh teagmháil agat féin **nó** ag do rang leis. (10 marc)

**(b)** Inis go cruinn faoin gcaoi a bhfuair tú eolas faoin áit sin. (12 mharc)

**(c)** Déan cur síos ar an ullmhúchán a rinne tú féin **nó** do rang chun eolas a fháil faoin áit sin mar chuid den rang "Ullmhú don Obair". (6 mharc)

**(d)** Tá buanna ar leith agat féin.
Déan liosta de na buanna a bhí agat nuair a thosaigh tú ag obair. (6 mharc)

**(e)** Déan liosta de thrí (3) bhua eile a fuair tú amach a bhí agat fad is a bhí tú ag obair. (6 mharc)

Ceist 2 *(40 marc)*

**Léigh an fógra seo ón nGarda Síochána. Ansin freagair na ceisteanna.**







## COMÓRTAS LE GARDAÍ FAOI OILIÚINT A ROGHNÚ

Tá fáilte roimh iarratais ó fhir agus ó mhná. Tá ceann amháin de na cáilíochtaí seo a leanas riachtanach.

**Cáilíochtaí**

A bheith 18 mbliana d'aois, ar a laghad, ach a bheith faoi 26 bliana.

Grád nach bhfuil níos ísle ná Grád D in 5 ábhar, ar a laghad, ar a n-áirítear Gaeilge, Béarla, Matamaitic, san Ardteistiméireacht (Gnáthleibhéal).

**Nó**

Clár Gairme na hArdteistiméireachta.

**Nó**

An Grád Fiúntais, san Ardteistiméireacht Fheidhmeach.

**Comórtas**

Beidh ar iarrthóirí dul faoi mheasúnú scríofa faoi Choimisiún na Státseirbhíse.

Gheobhaidh na hiarrthóirí a mbeidh na háiteacha is airde bainte amach acu sa mheasúnú scríofa sin glaoch chun agallaimh.

Beidh orthu siúd a n-éiríonn leo san agallamh:-

- Teastas a fháil ó dhochtúir
- Pas a fháil sa Tástáil ar Chorpacmhainn.

**Oiliúint**

Clár 2 bhliain é an clár oiliúna.

Le bheith incheaptha mar Gharda beidh 62 sheachtain oiliúna le críochnú go sásúil agat.

**Pá agus Liúntais mar Gharda Faoi Oiliúint**

€149.87 sa tseachtain, móide liúntas lóistín (€61.48)

€61.48 sa tseachtain agus é/í i gColáiste an Gharda Síochána

€101.58 agus é/í ar oiliúint i Stáisiún Gardaí

**Pá agus Liúntais mar Gharda Síochána**

€19,668 sa bhliain ag ardú go €35,707

*Nóta:*Pá níos airde ag dul do cháilíochtaí áirithe tríú leibhéal

**Iarratas a Dhéanamh agus/nó a Thuilleadh Eolais a Fháil**

Glaoigh ar 1850-829 999 ó Phoblacht na hÉireann

Glaoigh ar 353-1 4098365 ó Thuaisceart Éireann nó ón Ríocht Aontaithe

www.garda.ie Gréasán an Gharda Síochána

www.irlgov.ie/csclac Gréasán na Státseirbhíse & na gCeapachán Áitiúil

*Is fostóir comhionannais deiseanna é* An Garda Síochána

***Leagan Athchóirithe & Giorraithe***

**(a)** Cé acu de na cáilíochtaí sin a bheadh agatsa? (2 mharc)

______________________________________________

______________________________________________

**(b)** Tá súil agat go n-éireoidh go maith leat sa **COMÓRTAS LE GARDAÍ FAOI OILIÚINT A ROGHNÚ**.
Scríobh go gearr agus go simplí **4 rud** a bheadh le déanamh agat. (12 mharc)

(1) ______________________________________________

______________________________________________

(2) ______________________________________________

______________________________________________

(3) ______________________________________________

______________________________________________

(4) ______________________________________________

______________________________________________

**(c)** Níl do dhóthain eolais agat. Scríobh na bealaí chun níos mó eolais a fháil faoin **COMÓRTAS LE GARDAÍ FAOI OILIÚINT A ROGHNÚ**. (2 phointe) (6 mharc)

(1) ______________________________________________

______________________________________________

(2) ______________________________________________

______________________________________________

**(d)** Tá eolas sna pictiúir thall faoi obair a dhéanann Gardaí. Scríobh **3** chineál díobh sin a bheadh le déanamh agatsa, b'fhéidir, agus tú sna Gardaí. (12 mharc)

(1) ______________________________________________

______________________________________________

(2) ______________________________________________

______________________________________________

(3) ______________________________________________

______________________________________________

**(e)** Tá tú ag labhairt le do chomhscoláirí atá sa rang "Treoir" san Ardteistiméireacht Fheidhmeach. Cuireann siad ceist ort faoi dhul isteach sna Gardaí. Scríobh síos do chuid moltaí.

(8 marc)

# AN CHUMARSÁID AGUS AN FHIONTRAÍOCHT

**Ceist amháin le freagairt.**
**(Freagair Ceist 1 <u>nó</u> Ceist 2.)**

Ceist 1 ***(40 marc)***

**(a)** Chruinnigh do rang timpeall ar bhord chun smaointe a chur le chéile chun Fiontar nó Comhlacht a bhunú. Breac síos 4 cinn de na smaointe a bhí agaibh. (8 marc)

1 ______________________________

______________________________

2 ______________________________

______________________________

3 ______________________________

______________________________

4 ______________________________

______________________________

**(b)** Bhunaigh sibh coiste.
Scríobh síos 4 cinn de na postanna a bhí le líonadh ar an gcoiste sin. (12 mharc)

1 ______________________________

______________________________

2 ______________________________

______________________________

3 ______________________________

______________________________

4 ______________________________

______________________________

**(c)** Déan cur síos go cruinn ar an obair a bhí le déanamh ag an gceathrar oifigeach a fuair na postanna sin ar an gcoiste. (12 mharc)

**(d)** Tá tusa chun do mhionchomhlacht féin a bhunú. Céard é an pointe is tábhachtaí a d'fhoghlaim tusa faoi chomhlacht a bhunú? Cén chaoi? (8 marc)

## Ceist 2 ***(40 marc)***

**(a)** Mínigh trí (3) cinn de na téarmaí seo a leanas: (9 marc)

Aisíoc, aidhm, brabach, comhad, conclúid, ragobair, scair, táille, taighde.

1 ______________________________________________

______________________________________________

2 ______________________________________________

______________________________________________

3 ______________________________________________

______________________________________________

**(b)** Bealach amháin chun tabhairt faoi shuirbhé is ea **ceistneoir** a réiteach.

| **CEISTNEOIR**<br>Ullmhúchán agus Obair Gharbh |
|---|
| |

Breac sampla de **cheistneoir** isteach sa spás seo thíos. (6 mharc)

**CEISTNEOIR**

**(c)** Mínigh an fáth a ndearna sibh **an suirbhé**. (5 mharc)

**(d)** Breac síos an t-eolas a bhailigh sibh. (3 phointe) (12 mharc)

1

2

3

**(e)** Breac síos ceithre (4) bhealach chun **infheistíocht** a fháil le seirbhís nua **nó** comhlacht nua a bhunú. (8 marc)

1.

2.

3.

4.

# CEAPADÓIREACHT & LÉIRMHEASTÓIREACHT

***Ceist amháin le freagairt.***
***(Freagair Ceist 1 nó Ceist 2.)***

Ceist 1 ***(40 marc)***

**Léigh an dán. Ansin freagair na ceisteanna.**

**ATHAIR**
**Nuala Ní Dhomhnaill**

N'fheadar fós
an ar maidin
nó an tráthnóna
a chonac ann é
ina sheasamh
leis an ngeata
is hata mór dubh
ar a cheann
an raibh
aimsir an dúluachair
ag teacht
nó ag imeacht uainn
nó an cuimhin liom
i ndáiríre é
is nach taibhreamh
a d'fhan im' cheann
ach pé rud eile de
bhí sé fuar fuar fuar fuar
bhí scáilí fada dorcha
is grian mhí-lítheach bhán
agus is ag imeacht
a bhí sé sin
mar ina dhiaidh sin
ní raibh sé ann
is bhí mé a dó
nuair a tharla seo
nó a trí
ar an gcuid is mó
is níl a fhios agam
ach gur cuimhin liom
m'athair ag fágaint baile
maidin i mí Feabhra
nó tráthnóna sa bhFómhar.

**(a)** Scríobh 3 phointe atá ag Nuala Ní Dhomhnaill faoina hathair sa dán seo. (6 mharc)

1 

2 

3 

**(b)** Insíonn an file dúinn cé chomh hóg is a bhí sí ag an am. Cén aois a cheapann sí a bhí sí? (4 mharc)

**(c)** Ní raibh an aimsir ródheas. Pioc amach agus scríobh síos 2 líne as an dán a insíonn dúinn go bhfuil sé seo fíor. (6 mharc)

**(d)** Inis cén fáth ar thaitin **nó** nár thaitin an dán **ATHAIR** leat. (2 phointe) (4 mharc)

**(e)** Ainmnigh dán **nó** scéal **nó** dráma a ndearna tú féin staidéar air i rang na hArdteistiméireachta Feidhmí. (4 mharc)

**(f)** Cén fáth ar thaitin an dán **nó** an scéal **nó** an dráma sin leat? (4 mharc)

**(g)** Inis an scéal atá sa dán **nó** sa scéal **nó** sa dráma sin a ndearna tú staidéar air sa rang.

(12 mharc)

## Ceist 2 *(40 marc)*

Léigh an sliocht seo faoi Chomórtas Peile na Gaeltachta. Ansin freagair na ceisteanna.

### *Rinne siad an beart*

**1.** Thug pobail Leitir Móir agus Leitir Mealláin i gConamara faoi eagrú Chomórtas Peile na Gaeltachta sa bhliain 2002. Ba léir go raibh siad ag réiteach faoina chomhair le fada. Nuair a tháinig an t-am ba dheacair aon locht a fháil ar a gcuid oibre. Ach dá fheabhas iad cathaoirleach Chumann Peile Naomh Anna, Máirtín Ó Conghaile, agus a mheitheal ba í an aimsir an t-aon rud nach raibh smacht dá laghad acu air.

**2.** Dúshlán mór é eagrú Chomórtas Peile na Gaeltachta sa lá atá inniu ann. Is é eagrú na gcluichí féin an rud is éasca de, seans. Ní mór do choiste an Chomórtais suas le míle leaba a aimsiú do na himreoirí agus don lucht leanúna. Ní mór dóibh a chinntiú nach mbeidh tart ná ocras ar na daoine sin; agus ar ndóigh beidh siamsaíocht agus spraoi uatha freisin..

**3.** Ba é an tOllamh Gearóid Mac Eoin a thug mic léinn as an gCumann Éigse agus Seanchais i gColáiste na hOllscoile i nGaillimh le chéile os cionn tríocha bliain ó shin le lámh a thabhairt do Chumann Naomh Anna. Bhí an cumann ag forbairt na páirce ag an am sin. Agus a leithéid d'fhorbairt! Ní fhéadfadh na cnoic a bheith níos glaise. Bhí páirc bhreá imeartha déanta de gharraí a mbíodh an taoille ag teacht isteach uirthi. Bhí ionad fairsing páirceála ina timpeall.

**4.** Ba é an rud ba shuntasaí ar fad gur thug eagrú na hócáide deis do phobal beag daoine bailiú le chéile. I leaba a bheith ag caint, rinne siad an beart. Níor chaith siad a gcuid ama ag éisteacht le polaiteoirí a bhí ag caint faoin Staid Náisiúnta. Níor chuir siad am amú ag déanamh comparáide idir mhí-éifeacht Mhick McCarthy mar bhainisteoir agus dánaíocht Roy Keane. Chaith na daoine sin a gcuid ama agus a gcuid allais ar mhaithe lena bpobal.

**5.** Bhí iontais le tabhairt faoi deara. Liosta le háireamh a raibh de mhná páirteach san iarracht. Sa mhullach air sin bhí daoine a d'fhan go raibh sé go láidir tar éis an mheánoíche, sa díle báistí, ag treorú gluaisteán, ag gárdáil na mbóithríní agus ag stiúradh cúrsaí páirceála ag Halla Thír an Fhia. Ní raibh léargas ar an bpáirc acu, ní raibh eolas ar an imirt acu ach bhíodar chomh sásta lenar tugadh dóibh le déanamh is a bhí na maoir chúil. Ní cheannódh a bhfuil d'airgead ar dhroim na cruinne an meon a bhí acu. D'fhág siad rath ar an gComórtas. Nár laga Dia iad féin agus a leithéidí.

(Bunaithe ar shliocht as *Cúrsaí Spóirt*, Foinse)

**Alt 1** **(a)** Céard a tharla i Leitir Móir/Leitir Mealláin i 2002? (2 mharc)

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**(b)** Scríobh síos an post a bhí ag Máirtín Ó Conghaile. (2 mharc)

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**(c)** Céard a bhí ag cur as do Mháirtín agus dá lucht oibre? (2 mharc)

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**Alt 2** Scríobh síos trí (3) phointe faoin obair a bhí le déanamh ag coiste an Chomórtais. (6 mharc)

1 ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

2 ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

3 ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**Alt 3** **(a)** Déan cur síos ar an bpáirt a ghlac an tOllamh Gearóid Mac Eoin i bhforbairt na páirce. (4 mharc)

**(b)** Céard a bhíodh istigh ar an bpáirc uaireanta? (2 mharc)

**(c)** Déan cur síos ar an “fhorbairt atá déanta”. (2 phointe) (4 mharc)

1

2

**Alt 4** **(a)** *“Rinne siad an beart”*. Cén chiall a bhaineann tusa as sin? (2 mharc)

**(b)** Bhí muintir na hÉireann ag caint faoi phointí eile i gcúrsaí spóirt nuair a bhí Comórtas Peile na Gaeltachta ar bun. Scríobh síos **dhá cheann** (2) díobh sin. (6 mharc)

1 ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

2 ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

**Alt 5** **(a)** "*Bhí iontais le tabhairt faoi deara*". Scríobh síos 3 cinn. (6 mharc)

1 ______________________________

______________________________

______________________________

2 ______________________________

______________________________

______________________________

3 ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

**(b)** *"Ní raibh siad in ann an pháirc a fheiceáil"*. Scríobh síos an líne as an sliocht a bhfuil an chiall sin léi. (2 mharc)

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

**(c)** Molann an scríbhneoir muintir Leitir Móir agus Leitir Mealláin. Pioc amach agus scríobh síos an abairt atá scríofa aige a léiríonn é sin. (2 mharc)

# Leathanach Bán